

Fir Dhóiteáin Na Ceathrún Rua: Réamhobair

A Pléigh na ceistanna thíos le do pháirtí ranga.

- Céard ba mhaith leat a dhéanamh mar shlí bheatha amach anseo?
- Cén fáth a bhfuil tú ag iarraidh é sin a dhéanamh?
- An bhfuil spéis agat briseadh bliana a ghlacadh nuair a fhálgfaidh tú an scoil? Céard a dhéanfá?

B Meaitseáil an focal leis an mbrí atá leis.

slí bheatha	work experience
an todhchaí	I would like...
céim	livelihood
ollscoil	a challenging job
printíseacht	degree
cáilíochtaí	pressure
brú	the future
ba mhaith liom...	a lot of money
post dúshlánach	qualifications
go leor airgid	university
suíomh agus uaireanta oibre	workplace and hours of work
taithí oibre	choice of career
rogha gairme	apprenticeship

C Líon na bearnaí leis na focail ó Chuid B thuas.

1. Ní dhéanaim go leor machnaimh maidir leis _____ fós – táim ródhírithe ar an Ardteist.
2. Is mian liom rudaí nua a dhéanamh i mo rogha gairme – tá súil agam go mbeidh _____ agam.
3. Tá rún agam a bheith i m'aisteoir i Hollywood – táim ag iarraidh a bheith cáiliúil agus _____ a shaothrú!
4. Tá sé fíorthábhachtach _____ a bheith agat le post a fháil i saol an lae inniu.
5. Bíonn go leor _____ ar mo mháthair agus déanann sí roinnt dá cuid oibre sa bhaile ag an deireadh seachtaine.
6. Nílím ag iarraidh dul ar _____ tar éis na hArdteiste – táim ag iarraidh briseadh bliana a ghlacadh.
7. Tá an múinteoir gairmtreorach lánsásta cabhrú agus oibriú leat agus tú i mbun taighde ar do _____.
8. Ba mhaith liom a bheith i mo leictreoir agus tá _____ socraithe agam don bhliain seo chugainn.
9. Is é an _____ is spéisiúla, dar liom, ná a bheith ag obair mar thuaisceoir nuachta.

10. Tá Conradh fostaíochta fíorthábhachtach ó go mbíonn sonraí maidir le _____ ar fáil air.
11. Tá súil agam staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar an stair nuair atá _____ á déanamh agam.
12. _____ a bheith i mo mhúinteoir nuair a chríochnaím an scoil.
13. Rinne mé _____ i dteach altranais san Idirbhliain agus sheas sé sin go maith dom agus mé i mbun staidéir ar chúrsaí leighis anois.



Fir Dhóiteáin Na Ceathrún Rua: Mír a hAon

A Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

1. **Cén fáth ar chuir Tomás spéis sa bpost?**
 - Bhí sé ina chónaí gar dó
 - Bhí sé ag iarraidh a bheith ina chomhraiceoir dóiteáin ó bhí sé an-óg
 - Ní raibh tada eile le déanamh aige ag an am
2. **Cén úsáid a bhain Tomás agus a chuid comhghleacaithe as an nGaeilge?**
 - Le leabhar a scríobh faoi shábháilteacht tine do theaghlaigh Gaeltachta
 - Le dul amú a chur ar an traenálaí
 - Le treoracha soiléire a thabhairt dá chéile
- Cén teocht a bhí san foirgneamh, dar le Maidhcí?**
 - Níor luaigh sé teocht ar bith
 - Dhá chéad go trí chéad céim
 - Os cionn céad céim, go héasca
3. **Céard a dúirt Maidhcí faoin gcorp a 'shábháil' siad ar an gcúrsa traenála?**
 - Ní raibh sé réadúil, i ndáiríre
 - Ní raibh siad in ann é a aimsiú in am
 - Bhí sé an-trom

B Plé ranga.

Déan cur síos ar an timpeallacht oibre idéalach, dar leatsa, do do pháirtí ranga. Déan tagairt do na nithe thíos:

- na coinníollacha oibre
- na daoine a mbeifeá ag obair leo
- aon rud eile a bheadh tábhachtach i do thuairim.



Fir Dhóiteáin Na Ceathrún Rua: Mír a Dó

A Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén post atá ag Seán?

- Is bainisteoir cúnta ar fhoireann peile na Gaillimhe é
- Is bainisteoir comharchumainn é
- Is bainisteoir siopa é

2. An bhfuil post lánaimseartha ag Seán?

- Tá
- Níl

3. Cén fáth a raibh an cúrsa dian, dar le Seán?

- Ní raibh taithí aige ar an gcineál sin ruda cheana
- Ghlac sé go leor ama
- Bhí siad ag iarraidh na rannpháirtithe a bhriseadh

4. Céard a tharlaíonn do dhuine nuair a bhíonn sé te, dar leis an dara cainteoir?

- Tosaíonn tú ag creathadh
- Tagann sceitímí ort
- Ní bhíonn tú in ann smaoineamh i gceart

5. Céard a tharla don tríú cainteoir agus don cheathrú cainteoir mar gheall ar an teas?

- Bhuail mearbhall iad sa teas
- Bhí siad ag cur go leor allais agus ag ól go leor uisce
- D'fhág siad an cúrsa

B Agallamh.

An mbeadh spéis agat i ngairm mar chomhraiceoir dóiteáin? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

C Plé ranga.

An raibh tú ag obair le linn do shaoil? Inis do do pháirtí ranga na dualgais a bhí ort agus an cineál oibre a bhí le déanamh, agus déan cur síos ar na daoine a bhí ag obair leat.

nó

An bhfaigheann tú airgead póca bunaithe ar an obair a dhéanann tú sa bhaile? Inis do do pháirtí ranga na freagrachtaí atá ort sa bhaile agus na rólanna difriúla atá ag bail do theaghaigh in obair an tí.



Fir Dhóiteáin Na Ceathrún Rua: Mír a Trí

A Freagair na ceisteanna.

1. **Céard a dúirt Aodán (an chéad chainteoir) faoin gcúrsa? [dhá rud]**
 - Bhí an ghráin aige air mar bhí sé deacair
 - Is é an rud is fearr a rinne sé riamh
 - Ní dhéanfadh sé arís é
2. **Céard a cheapann Seán agus na cainteoirí eile faoi thionchar an chúrsa ar an ngrúpa?**
 - Scar sé na daoine a bhí dáiríre faoi ón dream eile
 - Thug sé spriocanna maithe don ghrúpa
 - Mhúnlaigh sé an grúpa
3. **Céard a mheallann an buachaill óg faoi shlí bheatha mar fhear dóiteáin? [dhá rud]**
 - Na trucanna
 - Na daoine
 - Na hainmneacha

B Agallamh.**Plé na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.**

- An bhfuil ort cáilíochtaí ar leith a bhaint amach nó traenáil ar bith a dhéanamh le do rogha gairme a bhaint amach?
- An bhfuil coláiste nó ollscoil ar leith roghnaithe agat? Má tá, cén ceann?
- Cén fhad atá an cúrsa traenála do do rogha gairme?
- Céard iad na rudaí is tábhachtaí duitse is tú ag smaoineamh ar ghairm a roghnú duit féin?

C Díospóireacht.**Ullmhaigh díospóireacht bunaithe ar an rún thíos le do ghrúpa.**

Ba chóir go bhfaighfeadh gach duine an pá céanna,
pé obair atá ar siúl acu.